An Coimisiún Pleanála

# Beartas maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

## Clár Ábhar


1.0 Cuspóir an Bheartais ... 3
2.0 Prionsabail um Chosaint Sonraí ... 3
3.0 Dlíthiúlacht na Próiseála ... 5
4.0 Coinníollacha maidir le Toiliú ... 6
5.0 Faisnéis Phearsanta a sholáthraítear don Choimisiún Pleanála ... 6
6.0 Tuairisc ar na Sonraí a Bhailítear ... 8
7.0 Na Cearta atá ag Ábhar Sonraí a Chosaint ... 10
8.0 Slándáil Sonraí ... 13
9.0 Sárú Sonraí ... 16
10.0 Sárú i ndáil le Sonraí Pearsanta a chur in iúl don Ábhar Sonraí ... 16
11.0 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí ... 17
12.0 Sonraí a aistriú chuig áiteanna lasmuigh den Stát ... 18
13.0 Róil agus Freagrachtaí ... 18
14.0 Athbhreithniú ... 20
15.0 Rialú Leaganacha ... 20
16.0 Tagairtí ... 20
Aguisín 1: Sainmhínithe ... 21

## 1.0 Cuspóir an Bheartais

1.1 Is ionann an beartas seo agus ráiteas ar thiomantas an Choimisiúin Pleanála chun cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2016, leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (dá ngairtear an "Dlí Cosanta Sonraí" le chéile) agus leis an treoir ghaolmhar rialála. Ní mór don Choimisiún Pleanála sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil (a úsáid nó a stóráil) faoi bhaill foirne, faoi Choimisinéirí Pleanála agus faoi gheallsealbhóirí chun an cuspóir atá aige agus na hoibleagáidí dlíthiúla atá air a chomhlíonadh.

1.2 Is rialaitheoir sonraí é an Coimisiún Pleanála, agus tá sé freagrach as an reachtaíocht a chomhlíonadh i leith na sonraí pearsanta a phróiseálann sé. Ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ('ábhar sonraí'); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin. Áirítear leo aon fhaisnéis a bhaineann le duine aonair in-sainaitheanta beo. Fiú amháin i gcás nach bhfuil céannacht "fíorshaoil" an duine aonair (mar shampla, a ainm nó a hainm) ar eolas, is féidir a mheas go bhfuil sé nó sí in-sainaitheanta go fóill más féidir é nó í a phiocadh amach trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil.

Is féidir na sonraí sin a choinneáil ar pháipéar (i bhfoirm struchtúrtha) nó go leictreonach, agus ní mór iad a phróiseáil i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá ar an gCoimisiún Pleanála faoin Dlí Cosanta Sonraí, mar atá leagtha amach thíos.

## 2.0 Prionsabail um Chosaint Sonraí

Maidir le sonraí pearsanta:

(a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí **('dlíthiúlacht, cothroime agus**

**trédhearcacht').**

(b) déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin; ní mheasfar próiseáil bhreise a dhéantar chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh a bheith ar neamhréir leis na críocha tosaigh **('teorannú de réir cuspóra')**;

(c) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil **('íoslaghdú sonraí')**;

(d) beidh siad cruinn agus, i gcás inar gá, coimeádfar suas le dáta iad; déanfar gach beart réasúnta chun a áirithiú go léirscriostar nó go gceartaítear sonraí pearsanta míchruinne gan mhoill, ag féachaint do na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil **('cruinneas')**;

(e) déanfar iad a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach; féadfar sonraí pearsanta a stóráil le haghaidh tréimhsí níos faide a mhéid nach ndéanfar na sonraí sin a phróiseáil ach amháin chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh faoi réir chur chun feidhme na mbeart iomchuí teicniúil agus eagraíochtúil a cheanglaítear leis an Rialachán seo d'fhonn cearta agus saoirsí an ábhair sonraí a choimirciú **('teorannú stórála')**;

(f) déanfar iad a phróiseáil ar chaoi a n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla **('sláine agus rúndacht')**.

(g) Is é nó í an rialaitheoir a bheidh freagrach as comhlíonadh, agus

beidh sé nó sí in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint **(‘cuntasacht’)**.

Is féidir tuilleadh Treorach maidir le Prionsabail um Chosaint Sonraí a fháil ag an nasc seo.

## 3.0 Dlíthiúlacht na Próiseála

3.1 Chun a chinntiú go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún Pleanála dleathach, ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag ceann amháin de na bunúis dlí seo a leanas, agus a mhéid a bheidh feidhm acu, maidir le próiseáil an Choimisiúin Pleanála:

(a) tá toiliú bailí tugtha ag an ábhar sonraí don Choimisiún Pleanála a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha;

(b) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun gur féidir leis an gCoimisiún Pleanála conradh ar páirtí ann é a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh;

(c) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an Coimisiún Pleanála faoina réir a chomhlíonadh;

(d) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint;

(e) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéanann an Coimisiún Pleanála ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don Choimisiún Pleanála, mar shampla próiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún Pleanála le linn achomhairc agus nithe áirithe eile a chinneadh faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus faoi reachtaíocht ghaolmhar;

(f) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an gCoimisiún Pleanála nó ag tríú páirtí, seachas i gcás

ina mbeidh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí ar na leasanna sin, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint;

(g) Ní bheidh feidhm ag pointe (f) maidir le próiseáil a dhéanann an Coimisiún Pleanála i gcomhlíonadh a chúraimí.

Nasc chuig an Ráiteas Príobháideachta: Príobháideacht agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018 | An Coimisiún Pleanála –

## 4.0 Coinníollacha maidir le Toiliú

4.1 I gcás go bhfuil próiseáil bunaithe ar thoiliú, ní mór don Choimisiún Pleanála a bheith in ann a léiriú gur thoiligh an t-ábhar sonraí le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta.

4.2 Is ann do roinnt coinníollacha nach mór don Choimisiún Pleanála iad a shásamh chun a chinntiú go bhfuil toiliú bailí (mar shampla, ní mór toiliú a bheith tugtha faoi shaoirse, ní mór é a bheith sonrach (mar shampla, bainteach le sonraí sonracha agus le críoch nó críocha na próiseála), feasach, gan athbhrí agus doiciméadaithe, agus ní mór a bheith in ann é a tharraingt siar). Má thugtar toiliú an ábhair sonraí i gcomhthéacs dearbhú i scríbhinn a bhaineann le nithe eile freisin, ní mór idirdhealú soiléir a bheith déanta idir an iarraidh ar thoiliú agus nithe eile, agus ní ceadmhach í a bheith nasctha leo, agus ní mór an iarraidh sin a bheith soiléir agus scríofa i dteanga shimplí.

4.3 Tá sé de cheart ag an ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, agus ní mór don Choimisiún Pleanála a chinntiú go bhféadfaidh daoine aonair toiliú a tharraingt siar ar mhodh atá chomh héasca leis an modh a thug siad é. I gcás go dtarraingeofar toiliú siar, ní dhéanfar aon difear do dhlíthiúlacht na próiseála a bhí bunaithe ar thoiliú sular tarraingíodh siar é.

## 5.0 Faisnéis Phearsanta a sholáthraítear don Choimisiún Pleanála

5.1 Páirtithe i gCásobair

De réir na gcumhachtaí a thugtar leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus leis an reachtaíocht ghaolmhar eile ar fad lena gcumhdaítear

na feidhmeanna reachtúla atá ag an gCoimisiún Pleanála, ní mór don Choimisiún ainm agus seoladh aon pháirtí, aon bhreathnóra, aon agóideora nó aon duine eile a dhéanann comhfhreagras leis an gCoimisiún Pleanála i ndáil le cás atá nó a bhí ina ábhar do phróiseáil ag an gCoimisiún Pleanála a fháil.

5.2 Coimisinéirí Pleanála agus baill foirne an Choimisiúin

Fad atá duine fostaithe, ceanglaítear air nó uirthi mionsonraí a sholáthar chun na gcríoch atá leagtha amach thíos faoi na ceannteidil ‘6.2 Acmhainní Daonna’, ‘6.3 Airgeadas’ agus ‘6.4 Pinsean’ agus, i gcás gur cuí, foirm dearbhú leasa a chomhlánú gach bliain le linn a théarma oifige/fostaíochta nó a téarma oifige/fostaíochta.

5.3 Sainchomhairleoirí

Ceanglaítear ar shainchomhairleoirí de chuid an Choimisiúin Pleanála mionsonraí teagmhála pearsanta a sholáthar.

5.4 Conraitheoirí

Ceanglaítear ar chonraitheoirí de chuid an Choimisiúin Pleanála deimhnithe imréitigh cánach a sholáthar don eagraíocht, mar aon le mionsonraí faoi bhainisteoirí cuideachta, bainisteoirí conarthaí nó teagmhálaithe pearsanra – amhail ainmneacha, seoltaí, ríomhphoist, suíomhanna Gréasáin, uimhreacha PSP/CBL, agus mionsonraí bainc le haghaidh íocaíochtaí trí Aistriú Leictreonach Airgid.

5.5 Daoine den Phobal

Is féidir go dtarlóidh sé ó am go ham go soláthróidh duine den phobal faisnéis phearsanta don eagraíocht tríd an suíomh Gréasáin, le casadh an phoist, tríd an ríomhphost nó thar an teileafón. Is é an Coimisiún Pleanála, agus an Coimisiún Pleanála amháin, a úsáideann an fhaisnéis ar fad a sholáthraítear:

- chun na gcríoch a sholáthraítear í,
- chun críocha fíorúcháin, chun críocha anailís staidrimh nó chun críocha cartlannaithe, agus
- chun críocha riaracháin.

## 6.0 Tuairisc ar na Sonraí a Bhailítear

### 6.1 Cásobair

Ainmneacha agus seoltaí páirtithe agus gníomhairí, tuairisc ar an bhforbairt bheartaithe agus seoladh na forbartha beartaithe atá i gceist le cásobair faoi na forálacha den reachtaíocht pleanála is infheidhme. Is trí chóras bainistíochta cásanna a úsáid a phróiseáiltear na mionsonraí sin. Déantar na doiciméid a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála a fhoilsiú ina n-iomláine ar a shuíomh Gréasáin. Chun mionsonraí iomlána a fháil, lean an nasc seo chuig an ráiteas príobháideachta:

Príobháideacht agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018 | An Coimisiún Pleanála

### 6.2 Acmhainní Daonna

Ainm, seoladh, mionsonraí teagmhála, uimhreacha teileafóin agus seoladh ríomhphoist, uimhir PSP, teastas breithe, teastais oideachais, stair fostaíochta, tuairiscí imréitigh ón nGarda Síochána, iarratais ar phoist, tuairiscí liachta agus tuairiscí ar radharc na súl i leith aonaid fístaispeána, mionsonraí saoire, faisnéis breithmheasa agus Bainistíocht Feidhmíochta trí Fhorbairt agus Tacaíocht, saincheisteanna araíonachta, mionsonraí faoi riachtanais/taifid oiliúna, mionsonraí teagmhálaithe éigeandála, deimhnithe liachta, agus Deimhnithe Leasa Shóisialaigh.

### 6.3 An Rannóg Airgeadas

Ainm, seoltaí poist agus ríomhphoist, uimhir theileafóin, ballraíocht de cheardchumann, uimhreacha PSP, mionsonraí bainc, sainorduithe le haghaidh íocaíochtaí airgeadais, taifid taistil agus chothaithe, cineál cairr agus cláruimhir, ainmneacha cuideachta/daoine aonair, seoltaí, uimhreacha PSP/CBL agus deimhnithe imréitigh cánach, dáta breithe le haghaidh párolla, agus lena aghaidh sin amháin, i gcás nár soláthraíodh aon uimhir PSP nó i gcás luathscoir.

### 6.4 Pinsean

Dáta tosaithe fostaíochta, mionsonraí faoi chleithiúnaithe, faisnéis faoi fhostaíocht roimhe sa tseirbhís phoiblí agus ainm an fhostóra roimhe sa tseirbhís

phoiblí, má bhaineann.

6.5 Córas Ríomhphoist

- Cuntais ríomhphoist aonair Bhord Rialaithe, Choimisinéirí Pleanála agus bhaill foirne an Choimisiúin Pleanála.

- Seoltaí ríomhphoist Sainchomhairleoirí/Soláthraithe agus Soláthraithe Seirbhíse/comhfhreagraithe eile.

- Cibé mionsonraí agus ábhar ríomhphoist a bheidh ar áireamh i gcorp na ríomhphost a fhaightear agus a sheoltar.

6.6 Córas Fleisc-Ama

Ainm ball foirne, agus dátaí agus amanna clogála isteach agus amach ar an gcóras bainistíochta ama.

6.7 Córas Rialaithe Rochtana le haghaidh Doirse

Ainm sealbhóirí cárta, agus dátaí agus amanna dul isteach agus amach trí dhoirse rialaithe.

6.8 TCI

Tá ceamaraí i bhfeidhm chun críocha slándála. Tá ceamaraí teilifíse ciorcaid iata i bhfeidhm ag an eagraíocht, agus iad suite ag doirse isteach agus amach, ag an bhfáiltiú, ag na seomraí comhdhála agus cruinnithe ar an mbunurlár, ar bhalcóin an chúigiú hurlár agus sa charrchlós. Tá íomhánna á dtaifeadadh ar mhaithe le cosc na coireachta agus ar mhaithe le sábháilteacht phearsanta. Is teoranta go docht do phearsanra údaraithe atá rochtain ar an ábhar taifeadta.

Tá nasc chuig an mBeartas TCI le fáil anseo: CCTV-Data-Protection-Policy.pdf

6.9 Córas Faireacháin Teileafóin

Ainm ball foirne, uimhreacha folíne, dátaí, amanna, fad agus uimhreacha teileafóin i gcás na nglaonna isteach agus amach uile.

## 7.0 Na Cearta atá ag Ábhar Sonraí a Chosaint

7.1 Faisnéis agus cumarsáid thrédhearcach leis an Ábhar Sonraí.

I gcás aon iarraidh ar shonraí, tabharfaidh an Coimisiún Pleanála freagra d'ábhar sonraí gan mhoill agus laistigh de thréimhse uasta aon mhíosa, ar freagra é a bheidh scríofa i dteanga shoiléir shimplí. Más rud é nach mbeidh an Coimisiún Pleanála in ann déileáil go hiomlán leis an iarraidh laistigh de mhí féilire amháin, agus castacht na hiarrata agus an líon iarrataí atá idir lámha á gcur san áireamh, féadfar an tréimhse a fhadú dhá mhí féilire eile agus, más rud é go ndéanfaidh sé é sin, ní mór don Choimisiún Pleanála na cúiseanna leis an moill a mhíniú don duine aonair lena mbaineann.

Más rud é go ndéanfar an iarraidh go leictreonach, is go leictreonach a sholáthróidh an Coimisiún Pleanála an fhaisnéis freisin, i gcás gur féidir. Más rud é nach mbeidh sé ag déanamh aon ghníomh i leith na hiarrata, cuirfidh an Coimisiún Pleanála an t-ábhar sonraí ar an eolas gan mhoill faoi sin agus faoin gceart atá aige nó aici gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Breithneoidh an Coimisiún Pleanála gearáin ó dhaoine aonair faoin dóigh a bpróiseálann sé a sonraí pearsanta agus tabharfaidh sé freagra dóibh gan mhoill. I gcás gearáin ó dhaoine aonair faoin dóigh a bpróiseálann an Coimisiún Pleanála a sonraí pearsanta, cuir an gearán faoi bhráid an Oifigigh Cosanta Sonraí a luaithe is féidir trí ríomhphost a sheoladh chuig dataprotectection@pleanala.ie.

7.2 An ceart atá ag Ábhar Sonraí chun sonraí pearsanta a rochtain

Tá sé de cheart ag ábhar sonraí na sonraí pearsanta a phróiseálann an Coimisiún Pleanála faoi nó fúithi a rochtain. Soláthróidh an Coimisiún Pleanála cóip de na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil (de ghnáth, soláthróidh sé an chóip sin i bhformáid leictreonach a úsáidtear go coitianta, ach amháin i gcás go n-iarrfaidh ábhar sonraí a mhalairt), ach amháin i gcás go bhféadfaidh sé sonraí pearsanta áirithe a choinneáil siar trí bhrath ar eisceachtaí áirithe atá leagtha amach sa Dlí Cosanta Sonraí (mar shampla, i gcás go bhféadfar pribhléid dhlíthiúil a éileamh i leith na sonraí pearsanta iomchuí). I dteannta

cóip a sholáthar de na sonraí iarrtha, ní mór don Choimisiún Pleanála faisnéis bhreise a sholáthar a bhaineann leis an bpróiseáil.

Tá sé de cheart ag gach ábhar sonraí na nithe seo a leanas a bheith ar eolas aige nó aici;

- Mionsonraí teagmhála an Choimisiúin Pleanála agus a Oifigigh ainmnithe Cosanta Sonraí.
- Na críocha ar chucu atá na sonraí pearsanta á bpróiseáil
- An tréimhse ama ar ar a feadh a phróiseálfar na sonraí
- An ceart atá acu chun rochtain a iarraidh ar shonraí pearsanta, chun a iarraidh go ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú, nó chun a iarraidh go gcuirfí srian le próiseáil
- Faighteoirí na sonraí pearsanta, más ann
- Cé acu is próiseáil reachtúil nó próiseáil chonarthach í próiseáil na sonraí pearsanta
- Má tá próiseáil uathoibrithe nó próifíliú i gceist, na hiarmhairtí a bheidh ag na cineálacha próiseála sin

Nasc chuig Tuilleadh Faisnéise faoi na Cearta atá ag Ábhair Sonraí: An Ceart Rochtana | An Coimisiún um Chosaint Sonraí

7. 3 An Ceart go nDéanfaí Ligean i nDearmad

Tá sé de cheart ag an ábhar sonraí a shocrú go léirscriosfaí sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi gan moill mhíchuí, agus tá oibleagáid ar an gCoimisiún Pleanála sonraí pearsanta a léirscriosadh i gcás go bhfuil feidhm ag ceann amháin de na forais seo a leanas;

(a) Níl na sonraí pearsanta ag teastáil a thuilleadh.

(b) Tarraingíonn an t-ábhar sonraí toiliú siar agus níl aon bhunús dlí eile ann

don phróiseáil.

(c) Déanann an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne na próiseála (i gcás go gceadaítear agóid den sórt sin faoin Dlí Cosanta Sonraí) agus ní féidir leis an gCoimisiún Pleanála leas dlisteanach sáraitheach tathantach a léiriú chun leanúint leis na sonraí pearsanta a phróiseáil.

(d) Rinneadh próiseáil neamhdhleathach ar na sonraí.

(e) Is gá na sonraí a léirscriosadh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh.

Fiú amháin i gcás go n-iarrann an t-ábhar sonraí go ndéanfaí sonraí a léirscriosadh nó a bhaint, is féidir go mbeidh gá leis na sonraí sin a choinneáil in imthosca áirithe, mar shampla;

(a) Chun an ceart ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú.

(b) Chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an Coimisiún Pleanála faoina réir a chomhlíonadh.

(c) Chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don Choimisiún Pleanála nó ar mhaithe le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí.

7.4 <u>An Ceart go gCuirfí Srian le Próiseáil</u>

Féadfaidh an t-ábhar sonraí a iarraidh go gcuirfí srian le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta ag an gCoimisiún Pleanála ar feadh tréimhse ama nó go dtí go réiteofar an fhadhb bhunúsach.

Is féidir go dtiocfaidh srian le próiseáil sonraí pearsanta chun cinn sna cásanna seo a leanas;

(a) Cuirtear i gcoinne chruinneas na sonraí

(b) Tá an phróiseáil neamhdhleathach

(c) Níl na sonraí de dhíth ar an gCoimisiún Pleanála a thuilleadh chun críocha na próiseála

(d) Chuir an t-ábhar sonraí i gcoinne na próiseála

7.5 Cearta i ndáil le Próifíliú agus le Cinnteoireacht Uathoibrithe

Is é is próifíliú ann próiseáil uathoibrithe sonraí, rud is féidir a úsáid chun cineálacha iompair agus roghanna pearsanta áirithe a mheas agus a thuar. Ní phróiseálann an Coimisiún Pleanála sonraí pearsanta chun críocha próifílithe. Ní ghabhann sé do chinnteoireacht uathoibrithe ach oiread.

## 8.0 Slándáil Sonraí

8.1 Faisnéis a Nochtadh

Ar aon dul le Cód Iompair an Choimisiúin Pleanála, tá oibleagáid ar Bhord Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála agus baill foirne an Choimisiúin agus daoine áirithe eile gan aon fhaisnéis a fhaightear agus iad ag déanamh aon ghníomhaíochtaí, nó de thoradh aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh, thar ceann an Choimisiúin Pleanála a nochtadh. Ceadaítear sna himthosca dá bhforáiltear faoi Threoir 95/46 ón Aontas Eorpach (arna leasú) faisnéis a nochtadh d'Airí Rialtais, d'Údaráis Rialála, do ghníomhaireachtaí eile a bhfuil comhaontuithe cómhalartacha iomchuí rúndachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún Pleanála leo nó do pháirtithe ar ina leith atá ceanglas dlisteanach ann faisnéis a chomhroinnt.

Is féidir tuilleadh mionsonraí faoi chomhroinnt sonraí san Earnáil Phoiblí a fháil anseo.

Mar chuid de théarmaí conartha fostaíochta/fruilithe, síníonn Coimisinéirí Pleanála agus baill foirne an Choimisiúin agus sainchomhairleoirí gealltanas rúndachta mar choinníoll ceapacháin.

Chuir an Coimisiún Pleanála bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú atá oiriúnach do rioscaí a mbeadh leibhéal athraitheach dóchúlachta agus déine ag gabháil leo maidir le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha, lena n-áirítear -

a) Ainm bréige a chur i bhfeidhm agus criptiú a dhéanamh i ndáil le sonraí pearsanta,

b) An cumas rúndacht leanúnach, sláine, infhaighteacht agus athléimneacht na gcóras agus na seirbhísí próiseála a áirithiú,

c) An cumas infhaighteacht agus rochtain ar shonraí pearsanta a athshlánú ar mhodh tráthúil sa chás ina dtarlaíonn teagmhas fisiciúil nó teicniúil,

d) Próiseas chun tástáil, measúnú agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil chun slándáil na próiseála a áirithiú.

Tá leibhéal iomchuí slándála i bhfeidhm ag an gCoimisiún Pleanála chun na sonraí pearsanta a phróiseálann sé a chosaint ar scriosadh, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraithe, nó chun rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí pearsanta sin a chosc, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach. Go háirithe, cinntíonn an Coimisiún Pleanála go bhfuil na hoibleagáidí iomchuí rúndachta uile agus na bearta iomchuí slándála teicniúla agus eagraíochtúla uile i bhfeidhm chun aon nochtadh nó próiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach ar an bhfaisnéis agus na sonraí sin, agus cailleadh nó scriosadh na faisnéise agus na sonraí sin, nó damáiste dóibh, a tharlaíonn de thaisme, a chosc. Ní fhaigheann ach Coimisinéirí Pleanála agus baill foirne údaraithe an Choimisiúin Pleanála rochtain ar fhaisnéis in-sainaitheanta phearsanta, agus ceanglaítear ar na fostaithe sin rúndacht aon sonraí a bhfuil rochtain acu orthu a chothabháil.

Tuilleadh Faisnéise faoi Shlándáil Sonraí: Treoir do Rialaitheoirí ar Shlándáil Sonraí | An Coimisiún um Chosaint Sonraí

8.2 Gnéithe Criptiúcháin le haghaidh Sonraí Pearsanta a Chosaint

a) Cosnaítear comhaid sonraí íogaire/pearsanta trí leibhéil dhifriúla cheadúcháin a shannadh bunaithe ar ghrúpáil rannáin laistigh den Eolaire Gníomhach. Tá rochtain ag baill theoranta den fhoireann Acmhainní Daonna ar chomhaid agus fillteáin ina bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann le baill foirne.

b) Is criptithe go hiomlán atá na ríomhairí glúine agus na gléasanna hibrideacha uile a úsáidtear. Ní gnách ríomhairí deisce a chriptiú i gcás go bhfuil siad suite laistigh de phríomhoifig an Choimisiúin Pleanála agus gur ríomhairí doghluaiste iad. Daingnítear gach ríomhaire glúine agus stáisiún oibre trí spárálaí scáileáin atá faoi chosaint pasfhocail a chur leo, agus an ghné gníomhachtaithe uathoibríoch socraithe ag 15 nóiméad ar a mhéad, nó trí iad a ghlasáil nó a logáil amach nuair a fhágtar an córas gan aon duine ina bhun.

c) Tá criptiú ríomhphoist cumraithe laistigh de Microsoft Office 365, agus féadfaidh an t-úsáideoir deiridh gach ríomhphost aonair a chriptiú sula seachadfar chuig an bhfaighteoir é.

d) Criptítear faisnéis a mheastar a bheith íogair (mar shampla, ar USB, trí ríomhphost, ar théipeanna cúltaca).

e) Criptítear na sonraí uile a bhaineann leis an líonra agus leis an néal agus iad ar fos agus faoi bhealach.

8.3 Cumarsáidí Leictreonacha

Soláthraíonn an Coimisiún Pleanála saoráidí ríomhphoist, Idirlín agus inlín. Chun cosaint a thabhairt ar na contúirtí a bhaineann le húsáid ríomhphoist agus Idirlín, tá bogearraí scagthástála i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar úsáid ríomhphoist agus Gréasáin.

8.4 Rochtain ar TFC

Ní fhaigheann úsáideoirí údaraithe rochtain ach ar chórais faisnéise, seirbhísí agus líonraí atá riachtanach chun freagrachtaí a róil nó a bhfeidhme a chomhlíonadh. Ní mór do gach úsáideoir príobháideacht agus rúndacht na gcóras faisnéise agus na líonraí a bhfaigheann siad rochtain orthu, agus na sonraí pearsanta a phróiseáiltear leis na córais nó leis na líonraí sin, a urramú agus a chosaint. Diúltaítear rochtain d'úsáideoirí ar chórais a bhaineann lena róil roimhe nuair a thagann athrú ar a ról agus ar a bhfreagracht laistigh den eagraíocht.

## 9.0 Sárú Sonraí

9.1 Ba cheart aon sárú i ndáil le sonraí pearsanta a thuairisciú láithreach don Oifigeach Cosanta Sonraí trí ríomhphost a sheoladh chuig dataprotection@pleanala.ie.

9.2 Nuair a aithníonn Coimisinéir Pleanála nó ball foirne gur cailleadh sonraí cruachóipe nó gur thit sárú sonraí amach, ní mór an cailleadh nó an sárú a chur in iúl láithreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, i gcás Coimisinéir Pleanála, agus do Bhainisteoir Líne, i gcás ball foirne.

9.3 Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó don Bhainisteoir Líne mionsonraí aon sáraithe sonraí a chur in iúl don Oifigeach inmheánach Cosanta Sonraí ansin, trí bhealaí atá taifeadta go cuí.

9.4 Tabharfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí fógra don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoin sárú i ndáil le sonraí pearsanta i gcás gur féidir, agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis dó nó di teacht ar an eolas faoin sárú, ach amháin i gcás nach dócha go mbeidh riosca ann do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta. Ba cheart an fógra sin a thabhairt gan moill mhíchuí agus, i gcás nach dtabharfar aon fhógra don Choimisiún laistigh de 72 uair an chloig, ba cheart cúiseanna leis an moill a bheith ag gabháil leis an bhfógra.

Nasc chuig faisnéis maidir le Fógra Sáraithe | An Coimisiún um Chosaint Sonraí

9.5 Déanfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí aon sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a dhoiciméadú/a thaifeadadh go hinmheánach (cibé acu atá siad infhógartha nó nach bhfuil), agus trácht á dhéanamh ar na fíricí a bhaineann leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, na héifeachtaí a bhaineann leis, an measúnú riosca, na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh, agus na ceachtanna a foghlaimíodh.

## 10.0 Sárú i ndáil le Sonraí Pearsanta a chur in iúl don Ábhar Sonraí

10.1 I gcás gur dócha go mbeidh ardriosca ann do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, cuirfidh an

Coimisiún Pleanála an sárú i ndáil le sonraí pearsanta in iúl do na hábhair sonraí lena mbaineann gan moill mhíchuí, ach amháin i gcás go gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) Chuir an Coimisiún Pleanála bearta iomchuí cosanta teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme, agus cuireadh na bearta sin i bhfeidhm i leith na sonraí pearsanta a ndearna an sárú i ndáil le sonraí pearsanta difear dóibh, amhail criptiú;

(b) Rinne an Coimisiún Pleanála bearta ina dhiaidh sin lena n-áirithítear nach dócha a thuilleadh go dtiocfaidh an t-ardriosca chun cinn;

(c) Bheadh iarracht dhíréireach i gceist le déanamh amhlaidh. I gcás den sórt sin, eiseofar teachtaireacht phoiblí, nó déanfar beart den chineál céanna, trína gcuirfear an sárú in iúl do na hábhair sonraí ar mhodh atá chomh héifeachtach céanna.

## 11.0 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

11.1 I gcás gur dócha go dtarlódh ardriosca do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar chineál na próiseála, go háirithe próiseáil ina n-úsáidtear nuatheicneolaíochtaí, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh, tarlóidh sé, sula ndéanfaidh sé aon phróiseáil, go ndéanfaidh an Coimisiún Pleanála measúnú ar thionchar na n-oibríochtaí beartaithe próiseála ar chosaint sonraí pearsanta (Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí).

11.2 Iarrfaidh an Lucht Ardbhainistíochta comhairle ar an Oifigeach Cosanta Sonraí le linn dó measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh.

11.3 Ceanglófar measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:

(a) meastóireacht chórasach chuimsitheach a bheith á déanamh ar na gnéithe pearsanta a bhaineann le daoine nádúrtha, ar meastóireacht í atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, agus a mbeidh cinntí á mbunú uirthi a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla acu don

duine nádúrtha nó a dhéanfaidh difear suntasach den chineál céanna don duine nádúrtha;

(b) próiseáil mhórscála ar chatagóirí speisialta sonraí;

(c) faireachán córasach mórscála ar limistéar atá inrochtana don phobal.

Treoir maidir le Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí | An Coimisiún um Chosaint Sonraí

## 12.0 Sonraí a aistriú chuig áiteanna lasmuigh den Stát

Ní aistreoidh an Coimisiún Pleanála sonraí pearsanta chuig áiteanna lasmuigh d'Éirinn (lena n-áirítear rochtain ó áiteanna lasmuigh d'Éirinn), ach amháin i gcás, maidir leis an aistriú:

(1) Go ndéanfar é chuig tír ar cheadaigh an Coimisiún Eorpach é mar thír a bhfuil dlíthe leordhóthanacha cosanta sonraí i bhfeidhm aici chun na sonraí pearsanta a chosaint; nó

(2) Go ndéanfar é chuig eagraíocht a bhfuil comhaontú um aistriú sonraí déanta aici linn (bunaithe ar Chlásail Chonarthacha Chaighdeánacha an Choimisiúin Eorpaigh).

## 13.0 Róil agus Freagrachtaí

### An tOifigeach Cosanta Sonraí

Is é ról an Oifigigh Cosanta Sonraí comhairle a chur ar an rialaitheoir sonraí (an Coimisiún Pleanála) maidir le comhlíonadh cosanta sonraí, freagra a thabhairt ar iarrataí ó ábhair sonraí, sáruithe sonraí a thaifeadadh agus freagairt dóibh, agus tuairisciú don Lucht Ardbhainistíochta agus do choistí iomchuí, i gcás gur gá. Déanann an tOifigeach Cosanta Sonraí athbhreithniú agus faireachán ar aon mheasúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanann an Lucht Ardbhainistíochta.

**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Lucht Ardbhainistíochta**

Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin atá an fhreagracht fhoriomlán as beartas éifeachtach maidir le cosaint sonraí.

Is ar leibhéal bainistíochta a phléitear le cosaint sonraí ar dtús, agus is faoin Lucht Ardbhainistíochta atá sé cosaint sonraí a bhainistiú ar bhonn laethúil. Is ar Choimisinéirí Pleanála agus baill foirne uile an Choimisiúin agus ar an lucht bainistíochta i dteannta a chéile atá an fhreagracht as a chinntiú go bhfuil na prionsabail um chosaint sonraí mar chuid dá gcuid oibre.

**Oiliúint Éigeantach ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

Beidh oiliúint éigeantach bhliantúil ann do gach Coimisinéir Pleanála agus do gach ball foirne de chuid an Choimisiúin ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Déanfar faireachán ar fhreastal ar an oiliúint, agus gheobhaidh Coimisinéirí agus baill foirne nach mbeidh i láthair nasc chuig an doiciméad Beartais RGCS agus iarrfar orthu eolas a chur ar a bhfuil ann.

| | |
|---|---|
| **An Rialaitheoir Sonraí** | An Coimisiún Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. Teil.: 01 858 8100. Ríomhphost: dataprotection@pleanala.ie |
| **An tOifigeach Cosanta Sonraí** | An tOifigeach Cosanta Sonraí<br><br>An Leas-Oifigeach Cosanta Sonraí<br><br>Ríomhphost: dataprotection@pleanala.ie |
| **An tOifigeach um Chomhlíonadh** | An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |

## 14.0 Athbhreithniú

Déanfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí athbhreithniú ar an mbeartas seo gach trí bliana nó de réir mar is gá, ag féachaint d'aon treoir reachtach nó d'aon treoir iomchuí eile a bhaineann le cosaint sonraí.

## 15.0 Rialú Leaganacha

| | |
|---|---|
| Céadghlacadh ag an mBord | Bealtaine 2018 |
| Leasú Beag ag an Oifigeach Cosanta Sonraí | Iúil 2022 |
| Athbhreithniú iomlán agus leasú ag an Oifigeach Cosanta Sonraí | Meán Fómhair 2025 |
| Leasú Beag ag an Oifigeach Cosanta Sonraí | Nollaig 2025 |

## 16.0 Tagairtí

- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2016
- Cód Iompair an Choimisiúin Pleanála do chomhaltaí Boird agus fostaithe
- Beartas TCI an Choimisiúin Pleanála
- Beartas Coinneála Rannóg Acmhainní Daonna an Choimisiúin Pleanála
- Beartas an Choimisiúin Pleanála maidir le hÚsáid Inghlactha TFC
- Beartas an Choimisiúin Pleanála maidir le Rialú Rochtana
- Beartas an Choimisiúin Pleanála maidir le Sonraí Cruachóipe a Iompar
- Beartas Slándála Faisnéise an Choimisiúin Pleanála
- Beartas Deasc Glan an Choimisiúin Pleanála

**Aguisín 1: Sainmhínithe**

| | |
|---|---|
| **sonraí bithmhéadracha** | ciallaíonn 'sonraí bithmhéadracha' sonraí pearsanta a eascraíonn as próiseáil theicniúil ar leith agus a bhaineann le saintréithe fisiciúla, fiseolaíocha nó iompraíochta duine nádúrtha, ar sonraí iad lena gceadaítear nó lena ndeimhnítear sainaithint uathúil an duine nádúrtha sin, amhail íomhánna den aghaidh nó sonraí dachtalascópacha; |
| **toiliú** | ciallaíonn 'toiliú' an ábhair sonraí aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi; |
| **rialaitheoir** | ciallaíonn 'rialaitheoir' an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó féadfar foráil a dhéanamh do na critéir shonracha dá ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit; |
| **sonraí a bhaineann leis an tsláinte** | ciallaíonn 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte' sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach duine nádúrtha, lena n-áirítear soláthar seirbhísí cúraim sláinte, lena nochtar faisnéis faoina stádas sláinte; |
| **sonraí géiniteacha** | ciallaíonn 'sonraí géiniteacha' sonraí pearsanta a bhaineann le tréithe géiniteacha duine nádúrtha a fuarthas le hoidhreacht nó a fuarthas, a thugann faisnéis uathúil faoi fhiseolaíocht nó sláinte an duine nádúrtha sin agus arb é atá iontu an toradh, go háirithe, ar anailís arna déanamh ar shampla bitheolaíoch ón duine nádúrtha atá i gceist; |

**córas comhdúcháin** ciallaíonn 'córas comhdúcháin' aon sraith struchtúrtha de shonraí pearsanta a bhfuil rochtain orthu de réir critéir shonracha, is cuma cé acu atá an tsraith sin láraithe, díláraithe nó scaipthe ar bhonn feidhmiúil nó geografach;

**sonraí pearsanta** ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ('ábhar sonraí'); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin;

**sárú i ndáil le sonraí pearsanta** ciallaíonn 'sárú i ndáil le sonraí pearsanta' sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scriosadh, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar shlí eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach;

**próiseáil** ciallaíonn 'próiseáil' aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

| | |
|---|---|
| **próifíliú** | ciallaíonn 'próifíliú' aon chineál próiseála uathoibrithe a dhéantar ar shonraí pearsanta arb éard í úsáid na sonraí sin chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine nádúrtha, go háirithe chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an duine nádúrtha sin ag an obair, le staid eacnamaíoch, le sláinte, le roghanna pearsanta, le hábhair spéise, le hiontaofacht, le hiompar, le suíomh nó le gluaiseachtaí an duine nádúrtha sin nó chun na gnéithe sin a thuar; |
| **ainm bréige a chur i bhfeidhm** | ciallaíonn 'ainm bréige a chur i bhfeidhm' próiseáil a dhéantar ar chaoi nach féidir na sonraí a chur i leith ábhair sonraí ar leith a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, ar choinníoll go gcoimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus go bhfuil sí faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun a áirithiú nach gcuirtear na sonraí pearsanta i leith duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta; |
| **srian le próiseáil** | ciallaíonn 'srian le próiseáil' sonraí pearsanta stóráilte a mharcáil agus é d'aidhm leis sin teorainn a chur leis an bpróiseáil a dhéanfar orthu sa todhchaí; |
| **próiseálaí** | ciallaíonn 'próiseálaí' duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora; |
| **faighteoir** | ciallaíonn 'faighteoir' duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht, nó comhlacht eile, dá nochtar na sonraí pearsanta, bíodh siad ina dtríú páirtí nó ná bíodh. Maidir le húdaráis phoiblí a fhéadfaidh sonraí pearsanta a fháil faoi chuimsiú fiosrúchán ar leith i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, ní mheasfar gur faighteoirí iad; comhlíonfaidh an phróiseáil a dhéanfaidh na húdaráis phoiblí sin ar na sonraí sin na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí de réir na gcríoch atá leis an bpróiseáil; |